Fionn Mac Cuṁaill

Cúis brón ins na Rosa agus do Ġaeilgeoirí gaċ áit ar fud na tíre. bás Fionn Mac Cuṁaill, scéalaí agus údar Gaeilge.

Ba as Leitir Ċatаċ, An Cloċán Liaṫ é, ceann de na h-áiteaċa is fearr Gaeilge insan tír uiliġ go léir. Ar ndóiġe, sé an trua é anois. gur beag daoine atá fágta insan ceantar fíor Ġaeltaċta sin. Aċ nuair a bí Fionn Mac Cuṁaill ag fás aníos, bí sé ar ċeantar ċoṁ tiuḃ pobal agus a ḃí le fáil in áit ar biṫ sa tír, agus neart cuideaċta agus caiteaṁ aimsire, seanċas agus scéalaíoċt ann.

Ar feaḋ Cogaḋ na Saoirse, bí Fionn Mac Cuṁaill ,Mánúis a ainm ceart—ġlac sé an t-ainm Fionn do na ċuid scríḃneoireaċta) ina Oifigeaċ Eolais do Ṡoiġdiúirí na Poblaċta i gCo. an Ċláir. Ċuaiġ sé isteaċ san Stát-Seirḃís in 1922, agus bí sé ag obair i Roinn an Oideaċais. agus na ḋéiḋ sin i gCoimisiún na Stáit Seirḃíse, gur éiriġ sé as, tá ceiṫre bliana ó ṡin. Tá cuiṁne air i Leitir Ċat, mar lúṫaire ⁊ scoláire maiṫ. Cur-síos ar a ċeantar dúċais agus ar na Rosa, is mó atá in "Sé Dia an Fearr is Fearr" agus "Maicín." Cuireann sé síos ar Cogaḋ na Saoirse in 'Tusa a Ṁaicín' agus sean-scéalta atá aige insan "An Doċartaċ" agus "Gleann na Coille Uaigní." Aċ, sé ceann de na cinn is fearr a gcoinneófar cuiṁne air frío na Rosa ḋó, nó an leabar mór — "Na Rosa Go Bráṫ." Tá tuilleaḋ dá ċuid scríḃíní i ndeireaḋ a ṡaoil nár foilsiḋ go fóill. aċ atá ag na clódóirí. Tugaḋ iomlán onóir míleata ḋó ag an tórraṁ go reiliġ Glasnaoiḋean. Ċaiṫ sé an ċuid deireanaċ dá ṡaol i mBaile Áṫa Cliaṫ. Léiġeaḋ Aifreann na Marḃ i dTeaċ Pobail an Leinḃ Naofa.

Nítear coṁḃrón lena baintreaċ Bean Ṁic Cuṁaill, agus leis an Aṫair Naos, C.SS.P., An tAṫair Maicín, C.SS.P., `agus Fionn Óg, a ċuid ṁac. agus Laisirín, a iníon.

Foiriṫint ar Gaeltaċt

(Ar lean. ó leaṫ. 1)

ina scéim píolóta don tír i gcoitinne, dúirt an Dr. Ó Cinnéide.

Aċ ní hé an tionsclaíoċt bun agus barr scéal forbarta na Gaeltaċta. Is mór an táḃaċt atá le sóċeolaíoċt agus síceolaíoċt ní aṁáin ó taoḃ cúiseanna na heisimirce aċ i meon na ndaoine féin—go háiriṫe an aigne atá acu gur tairḃí an Béarla ná an Gaeilge.

Caiṫfear saol sóisialta agus caiġdeán maireaċtála na ndaoine a ḟeaḃsú agus a suim a ṁúscailt i cibé gníoṁaíoċt atá á beartú agus a gcuidiú agus a ndea-toil a ḟáil leis an iarraċt a ċur i gcríoċ.

Os rud é naċ bfuil traidisiún in obair ṁonarċan ag an mórċuid acu is gá go dtaḃarfaí aird ar leiṫ do ṫraenáil na n-oibriṫe d'ḟonn meon tionsclaíoċ a forbairt.

Dá n-éireoḋ linn a ċruṫú go bféadfaí tionscal a ḃunú go heacnamaíoċ sa Ġaeltaċt trí ṁeán na Gaeilge beaḋ gaisce déanta le lagú ar ḟórsaí síceolaíoċta, atá ag baint de ġradam na teanga faoi láṫair.

"Ceapaim go bfuil sé tráṫúil go ndéanfaí an iarraċt anois—i ndiaiḋ na díospóireaċta uiliġ faoin bPáipéar Bán. Ní mian liom a rá aċ go bfuil dóċas agam gur i Ré na Peanúla a tionscnófar ar ṡlánú na teanga ar a mbonn ceart."

Tuar Ṁic Éide

I Séipéal Tuar Ṁic Éide pósaḋ an Gárda P. S. Ó Riordáin, Baile Áṫa Cliaṫ, mac le Séamus Ó Riordáin agus a bean, Clár Ċloinne Ṁuiris. agus Máire Ní Eineaċáin, iníon do Dónal Ó hÉineaċáin agus a bean, Trian, Tuar Ṁic Éide. An tAṫair Seán Ó Grealaiġ, S.P., Partraí, a pós iad, le Aifreann an Pósta, agus Beannaċt an Pápa. Noel Ó Riordáin, dearṫáir an ḟir, agus Caitlín Ní Éineaċáin, deirfiúr na brídeoige, a ṡeas leo. Bí an bainis in Óstán Breffni House, Caisleán a' Barraiġ.

D'éiriġ go maiṫ leis an Taispeántas agus ceannt na gcaoraċ i dTuar Ṁic Éide Dé Luain. Sé seo an ċéad uair a ċí an taispeántas aiteannta ag an Roinn Talṁaíoċta, agus ba é an t-aon ċeann aṁáin san Iarṫar, de taispeántas agus díol, ar caoirí sléiḃe agaiḋ-ḋuḃ. Bí deontaisí ag Coiste an Taispeántais ó Roin na Gaeltaċta agus ón Ċoiste Talṁaíoċta. Bí slua maiṫ i láṫair, agus díolaḋ cuid maiṫ caoraċ ag an díolaċán.

Anagaire

Cúis bróin i mBaile Loċ an Iubar, agus tart tompeall, bás Ṁáire Bean Uí Dubtaiġ. Ċuaiġ an tórraṁ go reiliġ Naoṁ Muire Anagaire, indiaiḋ Aifreann na Marḃ a léiġeaḋ i dTeaċ Pobail Anagaire. Nítear coṁċrón le Caṫal Ó Dubtaiġ, Croiċ Uí Baoill, Míċeál Ó Dubtaiġ, Glascú, Sorċa Bean Ṁic Suibne, Loċ an Iubar, agus Síle Bean Ṁic Aoḋa, Glascú.

Tá an Coṁairle Condae le dá solus eile a ċur suas ar Sráid Anagaire roiṁ an geiṁreaḋ seo. Tá scéala ann fosta, go bfuiltear le soilse a ċur suas i Sráidbaile Ceanncaslaċ. An Coṁairleoir Séamas Mac Ruaiḋrí a bí dá iarraiḋ seo le fada.

D'innis Rúnaí Coṁairle Condae Dún na nGall do Tomás Mac Ruaiḋrí naċ bfuair sé freagra ar biṫ go fóill ó Roinn Rialtas Áitiúla, fá teora luas a ṫaḃairt isteaċ do sráidbailte Anagaire ⁊ Gort a' Ċoirce. Ċuir an Coṁairleoir Mac Ruaiḋrí rún fá'n dá baile seo os coṁair an Ċoṁairle Condae, beagnaċ dá bliain ó ṡin, agus d'iarr sé ar an ċoṁairle iarraiḋ ar an Roinn freagra a ṫaċairt gan ṁoill.

Ta Brid Ni Dhugain, O.S., as Ceann Caslach, a bhiodh ag teagasc ag Ceann Droichid indeidh a theacht arais go dti a paraiste fein an ait ar ceapadh i mar mhuinteoir i Scoil an Cheideadh Allt an Chorrain, in ionad Brid Ni Dhomhnaill, a d'eirigh as ar pinsean, ar na mallaibh.

Ailt a' Ċorrain

Nuair a bí Aoḋ Mac Caimbéal, gasúr 3 bliana d'aois, ag súgraḋ le gunna ar Ċé Ailt an Ċorráin, tit an gunna isteaċ insan uisce doiṁin, sa ċuan, agus tit an buaċaill isteaċ 'na ḋiaiḋ. Ádúil go leor, ċonaic Seán Ó Dubtaiġ, buaċaill 15 bliana, as Oileán Inisfree é, agus léim sé isteaċ in iomlán a ċuid éadaí, mar bí sé, agus ṫug sé an gasúr beag amaċ slán. Seo an dara h-uair a ṫug Ó Dubtaiġ tárṫáil ar daoine. Roiṁe seo ṡleaṁnaiġ Seán Ó Baoill, duine de ċriú an Árd Ṁuire, ó rópa a raiḃ sé ag dul suas air, agus nuair a tit sé isteaċ insan ċuan bí droċ dóiġ air leis na bróga móra ruibéar agus an éadaċ trom a bí air, aċ ċonaic Ó Dubtaiġ é, agus buail sé amaċ i mbád 16 troiġ, agus fuair sé greim ar Ó Baoill, agus d'éiriġ leis é ṫarraingt isteaċ slán sáċáilte.

Tá cran tógála ar ċé Ailt an Ċorráin anois ag caḃrú le deisiú a déanaṁ ar an briseaḋ mór a ṫárla i mballa an ċuain, i dtús an tsaṁraiḋ. Mánuis Mac Conagail, Stiúrṫóir an Coṁairle Co., atá i mbun na graiṫe.

An Ċarraiġ

Conall Mac Giolla Easpaig ⁊ Columba Mac Suiḃir, Málainn Mór, agus Seosaṁ Mac Giolla Easpaiġ, Cloċar, a ṫarraing na trí ticéidí a tugaḋ do Ċumann Ġleann Ċolmcille do Ċumann Lúṫ Ċleas Gael, fá ċoinne cluiċe mór craoḃ na hÉireann. Seán Ó hEanaiġ, Ceann na Cille. Uaċtarán an Ċumainn, a stiúraiġ an crannċur, fá na ċoinne. Cuireaḋ suim mór insan léiriú agus craolaḋ don ċluiċe ar Telefís Éireann, insan ċeantar seo, aċ, mar sin féin. ċuaiġ scaifte maiṫ daoine ó Ġleann Colmcille agus Cill Ċárṫaiġ suas go Baile Áṫa Cliaṫ ċuig an craoḃ ċluiċe.

Leis an droċ aimsir agus an droċ Ḟóṁair, tá na sméara duḃa go h-iontaċ olc anseo ar fad. An bliain is measa le fad an lá, deirtear.

Coṁġáirdeas le Seán Mac Giolla Easpaig, Mín na Croise, Gleann Colmcille, Máire F. Nic Ḟionnlaoiċ, Siaḃ. Gleann Ċolmcille, agus Máiréad Ní Ḋoṁnaill, Cill Ċárṫa, a fuair an Meán-Teistiméireaċt agus iad ar scoil ar Meánscoil Naoṁ Ṁuire, Na Cealla Beaga.

Tá Caitríona Iníon Uí Baoill, iníon do Séamas Ó Baoill agus a bean, Alt Cluaċ, An Ċarraiġ, agus iar-scoláire do Ġairmscoil na Carraige, ag obair in oifig i Nua Eabraċ, agus ṫug sí cuairt na baile ar feaḋ trí seaċtaini ar na mallaiḃ. Tá sí imiṫe tar n-ais anois.

Tá na ranganna rinnce Gaelaċa do páistí ar siúl arís i halla Ṁuire, Gleann Ċolmcille, aċán tráṫnóna Dé Máirt. Bíonn slua maiṫ i láṫair.

B'iontaċ ar fad an raḃarc a bí le feiceáil san ċeantar seo le roinnt oiċeannta anois, le na soilse ó Ṫuaiḋ.

...Tá an Fóṁar mí níos moille i gceantar Gleann Ċolmcille i mbliana leis an droċ aimsir ⁊ an fliuċras. Ní raiḃ ann aċ é go raiḃ na daoine abálta an móin féin a ṡábáil.

I dTeaċ Pobail Naoṁ Columba, An Ċarraiġ, pósaḋ Pádraic Ó hIaráin, mac do Pádraic Ó hIaráin agus Úna Bean Uí Iaráin, Eadar Ġabáil, Árd a' Ráta agus Bríd Ní Gaḃra, O.S., an ceaṫrú iníon do Bríd Ní Gaḃra, agus Caṫal Ó Gaḃra, naċ maireann, Carraiġ Íoċtar. An tAṫair S. Ó Beirn, S.C. An Ċarra,ig agus an tAṫair M. Mac Seáin, Bogaċ, Carraiġ, col-ċeaṫrar na brídeoige, ag caḃrú leis, a pós iad. le Aifreann an Pósta agus Beannaċt an Pápa. A dearṫár, Seoirse Ó Gaḃra, a ṫug an brídeog le pósaḋ. Conall Ó Gaḃra, Carraiġ, dearṫár an ḟir, agus Caitlín Ní Iaráin, deirfiúr na brídeóige, a bí ag baiteoireaċt leo. Bí an brídeog ag caiteaṁ gúna de lása bán, le beil go dtí na guailneaċa agus ceannbeart rosette. D'iompar sí bláṫfleasc de rósaí dearga. Bí an bainis i dTeaċ Ósta Highland Na Gleanntaí, an áit a raiḃ os cionn 100 i láṫair. Ċaiṫ siad mí na meala ar turas gluaisteán timpeall iarṫar na hÉireann.

Gleann Ḟinne

Bí aonaċ an Brocaiġ na míosa seo caite ċoṁ h-olc agus a bí ariaṁ. Ní raiḃ aċ fíor beagán eallaċ ar tairiscint, agus droċ luaċa agus droċ éileaṁ fána gcoinne. Bí bulláin trí-bliana ar ġnáṫ £60 a beiṫ orṫa, ċoṁ h-íseál le £50, agus bulláin bliana ar dul ó £25 go £35. Bí ba ionlaoiġ ó £50 go £60, agus ba bainne ó £40 go £50. Bí iarraiḋ measarṫa maiṫ ar ċaoirí ⁊ ar luaċa ó £5 go £5-15-0 agus cairí ní ba lua ó £3 go £5. Ní raiḃ mórán ar biṫ iarraiḋ ar uain na bliana anuraiḋ, luaċa ó 50s. go 55s.

NUACHT AS NA DUNAIBH

Tá Míċeál Niuaí Mac Giolla Bríde as an Leargan Riaċ, é ina ṡár ṫáilliúr, ag saoṫrú airgead mór ó ċuaiġ sé anonn go Londain i dtús an tsaṁraiḋ. Coṁġáirdeas ag gabáil ċuigesean ⁊ ċuig a ṁnaoi-ċéile, Meaḋailín, de ṫairḃe ċoṁ maiṫ agus d'éiriġ le beirt dá gclainn ar na mallaiḃ. Tá Seán indiaiḋ scoláireaċt de ċuid Ċoṁairle Co. Dún na nGall a baint amaċ, agus tá Donċa, a bí ina chef-cunta in Óstán Ros na mBeann (Rosapenna) i riṫ an tsaṁraḋ, tá seisean indiaiḋ scoláireaċt idirṡéasúraċ a ġnóṫú ċuig an Coláiste Cócaireaċta i Mánuat, Co. Ċill Dara.

Is le Bord na nOibreaċ Poiblí an tseanḃallóg míofar, gan fuinneog gan doras agus an díon ag titim de — toiġ Stroim a beirtí air am aṁáin, é suite os cionn Oifig an Poist. Go dtí go leagtar nó go gcóirítear é, ní féadfaiḋ na Dúine iarratas a ċur isteaċ as Comórtas na mBailteaċ Slaċtmar.

Tá toraḋ na coiṁlinte i gcóir scoláireaċta iontaċ inspéise ⁊ ionmolta don príoṁ-oide, Seac Mac Páidín, i Scoil Doire' Ċasáin. (1) Coláiste Oiliúna do Ṁúinteoirí — Pilimín Ní hEoċaiḋ, as Doire' Casáin; Proinsí Ó Brolċáin, Gortnamór, Doire' Ċasáin; Seán Mac Giolla Cearra, Baile Úr, Doire Ċasáin; Seán Mas Giolla Bríde, Doire' Ċasáin; Aoḋ Mac Laifeartaiġ, Ros na mBeann, agus Ciarán Ó Gallċiḃair, Leargarnriaċ. (2) Scoláireaċta Gaeltaċta go hOllscoil na Gaillimhe — Pilimín Ní hEoċaiḋ, Doire Ċasáin, agus Proinsí Ó Brolċáin, Gortnamór, Doire Ċasáin — £225 an duine sa bliain, go ceann ċúig mblian. (3) Scoláireaċt Ċoṁairle Contae Dún na nGall — Seán Mac Giolla Bríde (mac de Ṁicí agus do Meadailín) as na Dúnaiḃ. (4) Scoláireaċt Ċoṁairle Contae Baile Áṫa Cliaṫ — Máirtín Ó Gallċoḃair (mac de Ṡéamus ⁊ de Ċit a' Droiċid), ar scoil i nDoire' Ċasáin.

Ar an tseaċtain seo a ċuaiġ tart a cuireaḋ Cití Ní Gallċoḃair as an Árd Bán, i reiliġ na Míoḃaí. Coṁḃrón na gcoṁarsan dá deirfiúraċa: Fainí (sa tseanḃaile) agus Salaí, Bean Neoí Ṁánúis Ṁic Giolla Bríde, as Doire' Ċasáin; agus dá dearṫáir, Donċa (i mBaile an tSléiḃe), agus dá gaolta frío an paróiste.

Tá comórtas trom garraíodóireaċta ag gabáil ċun tosaiġ fá na Dúine — agus deirtear gur gob-ar-gob atá an coiṁlint spáide-agus-sluaiste idir an beirt príoṁoidí, agus iad ina gcoṁarsana i Leargarnriaċ, Seac Mac Páidín agus Seó Ó Gallċoḃair. Táṫar ag taḃairt "Luiḃgairdíní Ros Goill" ar an dá "cuiḃreann" móra atá á ṡaoṫrú acu— idir flóra de gaċ aon ċineál fá ċiuṁais deasa de ḋuirling ildaṫaċ ó ṫrá Ċuan na Long . . . Sea, agus cosáin-buile nó crazy-paths, fosta, agus "caidé 'tá agat?"! Mór an trua go bfuil an dá Botanic-garden seo 'fad ón bealaċ mór! Spreagaḋ do ċultúr-bláṫanna sa ċeantar atá iontu.

Fanaid

I dTeaċ Pobail Naoṁ Muire, Fátan a' Ṁoltaí, pósaḋ Treasa Nic Raḃartaiġ, iníon do Seán 'ac Raḃartaiġ agus a bean, Rinn Buí. agus Éamonn Mac Suibne, mac le Seán P. Mac Suibne, ⁊ Bean Ṁic Suibne, naċ maireann, Baile Lár. An tAṫair M. Mac Suibne, S.C., Cill Mac Craonáin, dearṫáir an ḟir, a pós iad, agus an tAṫair P. Ó Cuigliġ, ag caḃrú leis. Pádraic Mac Suibne, dearṫár an ḟir, agus Máire Nic Raḃartaiġ, deirfiúr na brídeoige a bí ag baiteoireaċt leo. Bí an bainis i dTeaċ Ósta Atlantic, Rinn Buí. Ċaiṫ siad mí na meala ar turas timpeall na hÉireann.

Sa baile ar laeṫa saoire óna Stáit Aontaiṫe, áit ar ċaiṫ siad daċal bliain, tá Séamas Ó Gallċoḃair agus Seán Mac Giolla Ċearra, as Fátan a' Ṁoltaí. Ċaiṫ an beirt acu tamall in arm an tSaorstáit sul a ndeaċa siad go Meiriceá.

Tá an bealaċ úr ag Cnoc Eala Fánaid, gar a beiṫ críoċnaiṫe, ó Ṁaċaire Ṁárdán, ar taoḃ Ḟánaide, go Dun na dTinn, ar taoḃ Ġleann Barra. Beiḋ sé réiḋ fá ċoinne na mion-ċloċa agus tárráil i gcionn coicíse eile, agus beiḋ sé oscailte go foirmiúil roiṁ tús séasúr na gcuairteoirí in 1966. Tá raḃarc ana ṫreá ar fad ó taoḃ Cnoc Eala, do Loċ Súiliġ, amaċ treasna an Atlantaċ, agus cuid de na raḃarcanna is fearr in Éirinn faoi do ṡúil.

CARNA

Briseaḋ isteaċ insan tí cónaí le Pádraig Bolton, Iorras Beag, Dé Doṁnaiġ seo ċaite agus toigeaḋ £60 airgid. Beir an Gárda Ó Cionnaiṫ as Cloċ na Rón an beirt fear i nGaillim go luaṫ maidin Dé Luain. B'iad an beirt iad na Peadar Ó Flaṫartaiġ (24) agus Ciarán Prendergast (18) as na Tigíní, Cloċ na Rón agus cúisíoḋ iad os coṁair Cúirt Speisialta as briseaḋ isteaċ i dtiġ agus goid agus cuireaḋ siar i bpriosúin iad go dtí Cúirt Dúiċe Tuama Dé hAoine.

Na Gleanntaí

Ní fada anois go mbeiḋ tús dá déanaṁ ar tógáil na scoile úire, ag na Gleanntaí. Ionadaiṫe an Easpaig, Ionadaí Roinn an Oideaċais, agus Príoṁ-Oifigeaċ Feiḋmniúċáin Dún na nGall. a béas mar coiste stiúrṫa ar an scoil. Beiḋ áit sa scoil do 250 scoláirí agus cúrsa trí-bliana a béas ann, le iad a ṫaḃairt suas go dtí caiġdeán an ṁeán-teistiméireaċta. Meastar naċ mbeiḋ aċ 100 scoláirí ag leanúint taréis an meán-teistiméireaċt, fá ċoinne na h-árd-teistiméireaċta. Beiḋ coṁairle le fáil do scoláirí ag dul isteaċ sa scoil, agus na ḋiaiḋ sin beiḋ an meán-teistiméireaċt, agus beiḋ saoineolaiṫe oilte ann le innse díoḃta goidé an rud is fearr díoḃta a déanaṁ. Beiṫfear abálta trí ranganna a beiṫ in gaċ ábar, de réir caiġdeán innteaċta na scoláirí féin, san dóiġ go mbeiḋ aċan duine i rang a oireas dó. Caiṫfiḋ aċan scoláire ar na scoltaċa seo rang obair - láiṁe aṁáin a ġlacaḋ.

Ceaṫrú Rua

Tá an Sáirsint Liam G. Ó Coileáin atá i gceannas Stáisiún na nGárda Síoċána sa Ċeaṫrú Rua imiṫe ar ċúrsa speisialta go príoṁ-Áras Traenála na nGárdaí i dTeampall Mór.

I Séipéal na Ceaṫrú Rua pósaḋ Áine, iníon is sinne de Pádraig agus Máiréad Ní Dubláin as Claiḋneaċ, le Maitiú Ó Coisdeala as Forraḋ Ṁaol.

Bárr na Trá

Ag an Cúirt Dúiċe i mBéal Áṫa an Feaḋa, Dé Máirt, cáineaḋ Máirtín Rudaiġ, Muing na nGaḃann, Bárr na Trá £2, as naċ dtug sé cead bealaí do ġluaisteáin eile, ag Sráid Teeling agus coirnéal Sráid an Tiarna Éamonn ar an 17ú lá d'Iúil. Dúirt an Gárda T. F. de Búrca, Béal Áṫa an Feaḋa, naċ raiḃ ann aċ é nár buail an cosantóir i gcoinniḃ dá ġluaisteán eile ag an coirnéal.